

# IMRAM na nÓg



Féile Litríochta do Pháistí  
Spreagadh don tsamhlaíocht!

Children's Literature Festival  
Nurture your imagination!

Caithfear spásanna a chur in áirithe roimh ré, cuir rphost chuig [majella@imram.ie](mailto:majella@imram.ie) le teideal an imeachta, agus ainmneacha agus aois na bpáistí.

IMEACHTAÍ GO LEIR  
SAOR  
IN AISCE  
ALL EVENTS FREE OF CHARGE

# IMRAM na nÓg

Aidhm IMRAM saibhreas na litríochta Gaeilge comhaimseartha a roinnt le cách agus an pobal a thabhairt linn ar aistear mistéireach.

IMRAM aims to bring its audiences on a 'voyage of discovery' that reveals the rich diversity of modern Irish language literature.

Places must be booked in advance, send an email to [majella@imram.ie](mailto:majella@imram.ie) with the title of the event and the names and ages of the children.

Coimeadaí IMRAM NA nÓG: Majella Ní Chríocháin  
Stiúrthóir na Féile/Director: Liam Carson

BUÍOCHAS Ó CHROÍ LE/HEARTFELT THANKS TO:

Carmel Uí Cheallaigh, Leabharlannaí Feidhmiúcháin Sinsearach, An Lexicon;  
Siobhán Nic Gaoithín, Comhairle Chontae Dhún Laoghaire-Rath an Dúin



Dearadh: Kieran Nolan, [www.oldtown.ie](http://www.oldtown.ie)

TUILLEADH EOLAIS/FURTHER INFORMATION:  
[majella@imram.ie](mailto:majella@imram.ie)

IMRAM.IE |  

DÉ CÉADAIOIN 9 SAMHAIN  
Wednesday 9 November

11.15am–12.00pm  
12.45–1.30pm

Aois 5–9

Amharclann  
an Stiúideo,  
Leibhéal 1  
(ar chúil na Bialainne)  
The Studio,  
Level 1

## CEOL NA SÍOG

LE GRÁINNE HOLLAND AGUS A CAIRDE

Tá na síoga ag tabhairt cuireadh dúinn cuairt a thabhairt ar an domhain draíochtach atá thart timpeall orainn ar fad; an domhain nádúrtha. Bíodh sé i measc na mbláthanna, ar bharr na gcrann, faoi scath na gealaí láine nó faoin tonn, tá comhlúadar ceolmhar sí ag fanacht leat agus ag súil lena véarsaí draíochtacha a roinnt leat!

Tar le Gráinne Holland agus a cairde ceolmhara ar aistear go domhan draíochta an aosa sí. Tríd scéalta, amhráin, ceol agus damhsa, beidh muid faoi dhraíocht an domhain nádúrtha.

The fairies are inviting you to visit the magical world around us: the natural world. You'll find them among the flowers, hiding in tops of the trees, in the shade of the full moon or under the waves. The fairies are waiting to share their songs with you.

Join singer, songwriter and storyteller Gráinne Holland and band on a journey to the magical world of the fairy folk. Through stories, songs, music and dance we shall explore the magic and beauty of nature.



SCHOOLS EVENT

DÉ HAOINE 11 SAMHAIN  
Friday 11 November

11.00–11.45am Aois 4–7  
12.15–1.00pm Aois 8–12

Amharclann  
an Stiúideo,  
Leibhéal 1  
(ar chúil na Bialainne)  
The Studio,  
Level 1

## SCÉALTA Ó CHÉIN IS Ó CHÓNGAR

LE SEOSAMH Ó MAOLALAÍ

Is scéalaí agus ábhar seanchaí é Seosamh Ó Maolalaí. Thosnaigh sé ag insint scéalta agus é ag obair sa leabharlann phoiblí sa Chúlóg timpeall daichead bliain ó shin. Is breá le Seosamh scéalta lán aicsean agus scéalta lán grinn. Tá scéalta ó bhéalóideas na hÉireann ag Seosamh agus glac scéalta ó thailte i bhfad i gcéin.

Seosamh Ó Maolalaí is a Dublin born storyteller. He is much loved in libraries and schools throughout the country. He loves action and humour, and he draws from the Irish folklore tradition. His sole aim, he says, is that kids enjoy the tales. And they always do!

Today we have two sessions with Seosamh, focusing on two different age groups.



SCHOOLS EVENT

DÉARDAIOIN 10 SAMHAIN  
Thursday 10 November

11.00am–12.00pm

Amharclann  
an Stiúideo,  
Leibhéal 1  
(ar chúil na Bialainne)  
The Studio,  
Level 1  
Aois 12–13

## DIALANN EMILY PORTER: AN JAILTACHT

LE RICHIE CONROY

Bhí plean déanta ag Emily Porter dá laethanta saoire samhraidh i 1994; bhí sí chun fanacht sa leaba go dtí meán lae agus an chuid eile den lá a chaitheamh lena cara is fearr, Olivia. Ach i ngan fhios di, bhí plean eile ag a tuismitheoirí. Plean cruálach. Plean gránna. Plean díoltasach... Bhí Emily le cur in aghaidh a tola, chuig Coláiste Samhraidh sa Ghaeltacht – nó An Jaitacht mar a thug Emily air!



Emily had a plan for her summer holidays in 1994: she would stay in bed until noon and

then spend the rest of each day with her best friend, Olivia. But without her knowing, her parents had a different plan. A cruel plan. A horrid plan. A vengeful plan ... Against her wishes, Emily was to be sent to a Gaeltacht Summer College ... or as she called it, the Jaitacht!



SCHOOLS EVENT

DÉARDAIOIN 10 SAMHAIN  
Thursday 10 November

12.30–1.30pm

Amharclann  
an Stiúideo,  
Leibhéal 1  
(ar chúil na Bialainne)  
The Studio,  
Level 1  
Aois 14–15

## DIALANN EMILY PORTER: THÍOS SEAL, THUAS SEAL

LE RICHIE CONROY

Tá Emily Porter sona sásta. Tá sí féin agus Cian ag dul amach 'go hoifigiúil', tá sí san idirbhliain anois (níl aon staidéar le déanamh ar feadh bliana), agus tá múinteoir nua ar scoil atá spreagúil, cineálta agus an-dathúil! Ach, ní fada go dtosaíonn rudaí ag dul in olcas don déagóir bocht. Agus tá rún mór le scaoileadh ag Mam agus Daid a athróidh saol Emily ó bhun go barr.

Emily Porter is happy out. Herself and Cian are officially going out, she's in transition year now (no homework for a year), and there's a new teacher who is inspiring and a total lash! But it's not long before things unravel. She has problems galore – with her best friend Olivia, at home and with her boyfriend. If that wasn't bad enough, her Mam and Dad have a big secret to share that will turn Emily's life upside down.

Emily Brontë and Emily Dickinson are literary icons and Emily Porter is delighted that her diary is adding to the literary tradition of the Emilys.



SCHOOLS EVENT


DÉ HAOINE 11 SAMHAIN  
Friday 11 November

12.15–1.00pm

Leabharlann  
na bPáistí,  
Leibhéal 4  
Children's Library,  
Level 4

## DÓNALL DÁNA AGUS AN PEILEADÓIR MÓR

LE MÁIRÍN NIC CON IOMAIRE



Is breá le Dónall Dána peil! Níl uaidh ach an duais iontach atá le bronnadh ag an Máistreás Máiléad a bhuachan – ticéid do Chomórtas Chorn an FA agus an fhoireann áitiúil Ashton ag imirt in aghaidh Man Utd. Tá cluiche peile ranga le himirt leis an imreoir is fearr a roghnú don duais – agus is cuma le Dónall Dána céard is gá a dhéanamh...

Ach tá Peigí Pusach í féin meáite air gur aicse a bheidh an bua...

Seo leabhar sa tsraith Dónall Dána (leagan Gaeilge de Horrid Henry) don Léitheoir Luath atá foilsithe ag Cló Iar Chonnacht.

Máirín Nic Con Iomaire reads her translation into Irish of Francesca Simon's hugely popular and wickedly funny *Horrid Henry and the Football Fiend*.

SCHOOLS EVENT

## DÉ SATHAIRN 12 SAMHAIN

Saturday 12 November

11.00–11.30am agus


12.30–1.00pm

### AN tSEANBHEAN ÓG

LE GRAFFITI THEATRE COMPANY

An rud is annamh is iontach. Conas cumarsáid a chruthú gan na focail chearta? D'fhás an gearrdhráma nua seo le Grace Kiely as coimisiúin ó Chomhairle Chontae Chorcaí i gcomhobriú le Graffiti Theatre Company. Tá Gaeilge, Béarla agus Portaingéilís sa dráma! Dírithe ar pháistí de ghach teanga i Ranganna 2, 3 agus 4.

Leabharlann na bPáistí, Leibhéal 4  
Children's Library, Level 4  
Aois 8–10



The scientist has found a rare specimen. But how can they communicate when they do not speak the same language? This new short play by Grace Kiely was commissioned by Cork County Council in partnership with Graffiti Theatre Company. The piece is in Irish, English ... and Portuguese! It is aimed at children of all languages in 2nd, 3rd and 4th classes.



Áirithintí/Bookings: [majella@imram.ie](mailto:majella@imram.ie)

## DÉ SATHAIRN 12 SAMHAIN

Saturday 12 November


1.15–2.00pm

### EACHTRA DLÚTHCHARA

LE FEARGHAS MAC LOCHLAINN

Tá Rowley Jefferson i mbun pinn arís, ach an uair seo tá sé ag tabhairt faoi rud éigin rud beag difriúil: scéal eachtraíochta! Coinnigh comhlúadar le Roland agus a dhlúthchara Garg agus iad ar eachtra iontach le máthair Roland a shábháil ón nGrugach Geal. An dtiocfaidh ár laochra slán?

Leabharlann na bPáistí, Leibhéal 4  
Children's Library, Level 4  
Aois 8–10



A hugely enjoyable Irish language version of a new *Diary of a Wimpy Kid* story that will have you rolling with laughter. Join Roland and his best friend, Garg the Barbarian, as they leave the safety of their village and embark on a quest to save Roland's mum from the White Warlock. Will our heroes survive? Translated and read by award-winning writer and musician Fearghas MacLochlainn.

Áirithintí/Bookings: [majella@imram.ie](mailto:majella@imram.ie)

## DÉ SATHAIRN 12 SAMHAIN

Saturday 12 November

2.00–3.30pm

### CRUTHAIGH DO GHREANNÁN FÉIN!

CEARDLANN EALAÍNE  
LE AIDAN COURTNEY



Tá gach duine in ann rud a tharraingt agus scéal a chumadh, is cruthaitheoir gach duine. Sin a deir Aidan Courtney agus sa gceardlann seo taispeánfaidh sé cén chaoi le do mhionghreannán féin a dhéanamh, céim ar chéim!

Everyone can draw and everyone can make up a story, so says Aidan Courtney and in this workshop he will show you how to create your own little comic, step by step!

Aidan Courtney is a cartoonist, illustrator and part-time librarian. He founded Coimicí Gael to publish the Irish language comics *Ruaille Buaille* and *Rirá*.



Áirithintí/Bookings: [majella@imram.ie](mailto:majella@imram.ie)

## DÉ SATHAIRN 12 SAMHAIN

Saturday 12 November

11.00am–3.00pm

### CLINIC LEABHAR

BOOK CLINIC

LE LEABHAIR PHÁISTÍ ÉIREANN/  
CHILDREN'S BOOKS IRELAND

An léitheoir óg thú? Sa tóir ar shraith nua? Bréan de na leabhair i do leabhrágan féin? Buail isteach chuig Clinic na Leabhar le Leabhair Pháistí Éireann! Beidh dreas cainte agat leis an nDochtúir Leabhair, agus tar éis duit a insint díobh cad iad na leabhair is ansa leat, tabharfaidh siadsan oideas léitheoireachta duit, le líonadh i do shiopa leabhar nó leabharlann áitiúil!

Are you a young reader? Sick of the books on your shelf? Drop into the Book Clinic and have a chat with the Book Doctor. The Book Doctors from Children's Books Ireland team make recommendations to young readers after a quick diagnostic chat. Each appointment lasts 15 minutes, and the Doctor can see up to 16 patients a day, so places are limited, and on a first-come, first-served basis. If a family has more than one young reader who'd like to meet the Doctor, please make an individual appointment for each child.



Leabharlann na bPáistí, Leibhéal 4  
Children's Library, Level 4  
Aois 0–18

## DÉ SATHAIRN 12 SAMHAIN

Saturday 12 November

11.45am–12.30pm

### AN SLIPÉAR GLOINE

LE FEARGHAS MACLOCHLAINN

*"Bhí Luaithrín ina suí go moch,  
Ag glanadh an tí, an cailín bocht  
Ag obair léi ó dhubh go dubh,  
Gan cara aici ach cúpla luch."*



Tá Luaithrín curtha trína chéile ag a leasmháthair, Camilla, agus a beirt deirfiúracha ghránna, Straoisín agus Smaoisín. Cé nach scéal nua é seo, tá gluaiseacht agus rithim álainn bainte amach ag an údar leis an leagan seo de "Luaithrín". Bainfidh páistí óga fíorthaitneamh as an ngreann atá fite fuaite sa leagan véarsaíochta seo de scéal a bhfuil cáil an domhain mhór air!

Luaithrín is upset by her step-mother, Camilla, and her two awful daughters, Straoisín and Smaoisín. Younger children will delight in the fun and laughter that is cleverly incorporated in these rhyming verses – in this sparkling retelling of the story of Cinderella. Written by Fearghas MacLochlainn and illustrated by Paddy Donnelly.

'An age-old story brought to life wonderfully with rhythm, rhyme and magical illustrations' – Áine Ní Ghlinn, Laureate na nÓg

Áirithintí/Bookings: [majella@imram.ie](mailto:majella@imram.ie)

Leabharlann na bPáistí, Leibhéal 4  
Children's Library, Level 4  
Aois 4–7


## DÉ SATHAIRN 12 SAMHAIN

Saturday 12 November

3.30–4.00pm

### LE CARMEL UÍ CHEALLAIGH

AN LEANBH NUA




Tá sceitimíní áthais ar Mhairéad, ní fada anois go mbeidh sí ag tosú sa scoil mhór agus ansin beidh baibín nua ag teacht ar an saol. Scoil nua ... cairde nua ... báibín nua! Nach iontach! Ach san dtífidh gach rud amach mar a bhfuil sí ag súil?

Mairéad is so excited, she will be starting school soon and then the new baby will arrive. New school ... new friends ... new baby! Brilliant! But will things turn out as she hopes?

Leabharlann na bPáistí, Leibhéal 4  
Children's Library, Level 4  
Aois 4–7

### SPIDEY



Tá suim an-mhór ag Séimí beag sna damháin alla. Bíonn siad le feiceáil i ngach áit, dar leis! Ba bhreá leis féin bheith ina Spidey lá éigin!

Séimí loves spiders, and he can see them everywhere!

He wants to be a spider some day!

Carmel Uí Cheallaigh is the author of seven children's books, in Irish and English and she loves to write picture books. She is from Mayo and has worked as a Librarian in Dún Laoghaire for many years.

Áirithintí/Bookings: [majella@imram.ie](mailto:majella@imram.ie)

Leabharlann na bPáistí, Leibhéal 4  
Children's Library, Level 4  
Aois 8–13